Dublin City
Baile Átha Cliath

2007 - 2009
Straitéis um Chuimsiú Sóisialta
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Clár na nÁbhar

Brollach 5

Mír 1
Straitéis um Chuimsiú Sóisialta a Cheapadh do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
1.1 Réamhrá 7
1.2 Cad is cuimsiú sóisialta ann? 7
1.3 Ról an Údaráis Áitiúil 8
1.4 An tAonad um Chuimsiú Sóisialta 8
1.5 Cur chuige i leith an Straitéis a Cheapadh 9
1.6 Forléargas ar an Straitéis 10

Mír 2
An Creat Polasaí
2.1 Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta 1997 13
2.2 Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 13
2.3 Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 14
2.4 An Oifig um Chuimsiú Sóisialta (OSI) 14
2.5 An Clár Forbartha Áitiúil um Chuimsiú Sóisialta (LDSIP) 16

Mír 3
Comhthéacs Chathair Bhaile Átha Cliath
3.1 Limistéar Riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 20
3.2 Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2005-2007 20
3.3 Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2005-2011 21
3.4 Bord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath (DCDB) 22

Mír 4
Ag Glacadh le Treoirlínte um Chuimsiú Sóisialta
4.1 Treoirlínte um Chuimsiú Sóisialta 29
4.2 Bearta & a bhForfheidhmiúchán 29
4.3 Ról Struchtúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 40
4.4 Monatóireacht a Dhéanamh ar an Straitéis um Chuimsiú Sóisialta 41

Aguisíní 44

Uirlisí Taighde 44

Leabharliosta 46

Brollach

Le John Tierney, Bainisteoir na Cathrach

Mar Bhainisteoir na Cathrach, tá áthas an domhain orm an chéad Straitéis seo um Chuimsiú Sóisialta de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don tréimhse 2007 – 2009 a chur i do láthair. Cuireann an straitéis seo tiomantas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in iúl go rachaidh sí i ngleic leis an eisiamh sóisialta agus an míbhuntáiste atá sa chathair agus go gcinnteoidh sí go mbeidh na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag riar ar na riachtanais sin atá ar shaoránaigh Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá fócas na straitéise á chur ar shainaithint Treoirlínte um Chuimsiú Sóisialta ar son Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an dóigh a bhféadfar na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm i ngach Roinn de chuid na heagraíochta. Táthar ag súil i bhfad na haimsire le go gcuirfidh an straitéis seo cur chuige trasrannach i leith cuimsiú sóisialta chun cinn atá níos soiléire agus sin a fhorbairt ar fud na ranna go léir de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus tacaíocht chomhordaithe á tabhairt ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta.

Sainaithníonn Plean Corparáideach na Comhairle Cathrach Cuimsiú Sóisialta mar bhunphrionsabal a threoraíonn obair na Comhairle maidir lena ról ceannaireachta agus a mandáid dhaonlathach a chomhlíonadh nuair a luadh:

“Cé go bhfuil beann aici ar an éagsúlacht agus í sin á cothú aici, beidh an Chomhairle ag iarraidh cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus a bhaint amach agus í ag déileáil le heacnamaíocht na Cathrach.” (2005:09)

Bainfear an cuspóir corparáideach sin amach sa ghnáthchleachtas nuair a chuirfear an Straitéis seo i bhfeidhm.

Tá súil agam go ndéanfaidh gach Roinn a gcion féin den obair chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm agus cuimsiú sóisialta mar choincheap a dhaingniú go héifeachtach sa mheon oibre atá againn go léir.

Tá dualgas ar gach duine dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus an míbhuntáiste agus ní mór dúinn leanúint ar aghaidh agus a chinntiú gur barrthábhachtach linne ar fad go gcuirfear cuimsiú sóisialta i bhfeidhm inár gcuid oibre ó lá go lá.

John Tierney

Bainisteoir na Cathrach

Mír 1

Mír 1

Straitéis um Chuimsiú Sóisialta a Cheapadh do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

1.1 Réamhrá

Le blianta beaga anuas, tugadh tiomantas ar bhonn náisiúnta do chuimsiú sóisialta agus ba iad an Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta (NAPS) a seoladh in 1997 agus Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (NAP/cuimsiú) 2003-2005 na foilseacháin ba mhó suntas. Is é Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 a seoladh i bhFeabhra 2007 an foilseachán is déanaí a cuireadh amach. Ceapadh na próisis NAPS agus NAP/cuimsithe i gcomhchomhairle le comhpháirtithe sóisialta – ionadaithe ó earnáil an ghnó, ceardchumainn, earnáil an phobail agus earnáil na hoibre deonaí agus feirmeoirí. Tá gealltanais straitéis NAPS á gcur san áireamh sa Phlean NAP/cuimsithe agus gealltanais thábhachtacha eile, a bhaineann le cuimsiú sóisialta, ón tuarascáil *'I dTreo 2016'*, an comhaontú comhpháirtíochta náisiúnta.

Cuireann an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 dualgas ar an údarás áitiúil aird a dhíriú ar chuimsiú sóisialta agus é ag dearadh agus ag soláthar seirbhísí áitiúla mar aon le straitéisí áitiúla a fhorbairt chun cuimsiú sóisialta a chur san áireamh. De bharr na n-athruithe déimeagrafacha, lena n-áirítear méadú daonra, próifíl aoise, méadú ar líonta tí, treochtaí i leith méid an teaghlaigh a bheith ag éirí níos lú agus pobal ileitneach a bheith ag éirí níos iléagsúla, níl aon dul as ach go mbeidh ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freastal ar thuilleadh éileamh ó taobh scóip agus mhéid a cuid seirbhísí de.

1.2 Cad is Cuimsiú Sóisialta ann?

Sainmhíníodh Cuimsiú Sóisialta mar seo a leanas:

"The process which ensures that those at risk of poverty and social exclusion gain the opportunities and resources necessary to participate fully in economic, social and cultural life and to enjoy a standard of living and well-being that is considered normal in the society in which they live."

(Joint Report by the Commission and the Council on Social Inclusion, An Oifig um Fhoilseacháin Oifigiúla san Aontas Eorpach)

Os a choinne sin, dar leis an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta, 'Social Exclusion occurs when certain groups of people are pushed to the margins of society and prevented from playing a full and active part in normal activities because of poverty, low education levels or inadequate life skills. This makes is difficult for them to access jobs, income and education opportunities, or to play a normal role in society and community networks. It means they have little access to power, little chance of influencing decisions or policies that affect them and little chance of bettering their standard of living.' (An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta, ón Iris *'Action on Poverty Today'* 2004).

1.3 Ról an Údaráis Áitiúil

Bhí claonadh ann riamh anall nuair a bhí an t-údarás áitiúil ag dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta go gcuirfí fócas ar réimsí na tithíochta agus na cóiríochta, agus an áineasa agus na gconláistí. Le blianta beaga anuas, áfach, aithníodh sna tuarascálacha, mar shampla, 'Better Local Government' (BLG), 'NAPS', agus 'I dTreo 2016', an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta go gcaithfí éifeacht a chur le polasaithe agus cleachtais um chuimsiú sóisialta sna limistéir feidhme go léir de chuid an údaráis áitiúil. De bharr na formáide nua ar an rialachas áitiúil mar a cuireadh síos air sa tuarascáil BLG, bhí na nithe seo le cur chun cinn: an dea-chaidreamh laistigh den phobal áitiúil, seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar agus comhthoil a bhaint amach maidir le straitéisí a phleanáil agus a fhorfheidhmiú sna limistéir feidhme go léir. I dtaca leis sin de, is amhlaidh a shainaithníonn NAPS earnáil an rialtais áitiúil ina gníomhaí chun acmhainní a spriocdhíriú orthu sin is mó riachtanas. Tá príomhról ag an údarás áitiúil i mBord Forbartha na Cathrach/Contae a chuireann fócas ar fhorbairt pobail agus ar chuimsiú sóisialta agus é sin mar dhúshraith faoin ról leathnaithe aige chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus an eisiamh sóisialta.

1.4 An tAonad um Chuimsiú Sóisialta

In 2000, chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Aonad um Chuimsiú Sóisialta ar bun. In 2001, bunaíodh seacht nAonad eile um Chuimsiú Sóisialta in Údaráis Áitiúla ar fud na Tíre. Tá 8 n-aonad ann faoi láthair ar fud na tíre ach tá sé ar intinn ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil cur leo i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla.

Is é is aidhm don Aonad go gcuirfear oibrithe na comhairle agus an pobal ar an eolas faoi Chuimsiú Sóisialta agus go n-imreoidh sé tionchar cuí ar pholasaithe, ar ghníomhaíochtaí agus ar sheirbhísí na comhairle ar gach leibhéal dá réir sin. Comhoibríonn an tAonad le gníomhaireachtaí cuí agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha i dtaca le Cuimsiú Sóisialta de agus oibríonn sé chun an bhochtaineacht agus an neamhionannas a laghdú i gCathair Bhaile Átha Cliath. Ó bunaíodh an tAonad, tá saintacaíocht á cur ar fáil den chéad uair riamh d'Údaráis Áitiúla chun Cuimsiú Sóisialta a chur chun cinn ina gcuid oibre ó lá go lá.

Ó bunaíodh é, bhí an tAonad um Chuimsiú Sóisialta ag iarraidh cur le cumas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun polasaithe agus tionscadail a mheasúnú agus a chur chun cinn a raibh de chuspóir acu dul i ngleic le cúis agus le héifeacht an eisiaimh shóisialta agus leis an míbhuntáiste atá sa Chathair. Chomh maith leis sin, tá an tAonad ag iarraidh oibrithe na comhairle agus an pobal a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhaineann le Cuimsiú Sóisialta agus aird á léiriú aige ar pholasaithe cuí, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta agus Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016, agus na nithe réamhluaite sin a nascadh le hobair reatha an Údaráis Áitiúil. Leanann an tAonad um Chuimsiú Sóisialta de bheith ag cothú dlúthchaidreamh oibre le roinnt Ranna agus ag cinntiú go bhfuil tús áite á thabhairt do chuimsiú sóisialta sa chlár oibre acu.

1.5 An Cur Chuige i leith Straitéis a Cheapadh

Ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath uirthi féin Straitéis um Chuimsiú Sóisialta a cheapadh agus treoir a chur ar fáil chun dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta agus leis an míbhuntáiste atá sa chathair agus a chinntiú go riarann na seirbhísí sin atá á gcur ar fáil do na riachtanais sin atá ar shaoránaigh Chathair Bhaile Átha Cliath.

Bhí an próiseas bunaithe ar chomhairliúchán a rinneadh ar bhonn fairsing le páirtithe leasmhara agus eile agus úsáid a bhaint as an modheolaíocht, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú ar dhoiciméadacht thánaisteach, lena n-áirítear tuarascálacha ar pholasaithe náisiúnta agus doiciméadacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a úsáideadh chun creat polasaí agus comhthéacs don Straitéis um Chuimsiú Sóisialta a sholáthar.
- Agallaimh le baill foirne Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear an fhoireann bhainistíochta agus bainisteoirí aonair a n-imreodh a gcuid oibre tionchar díreach ar shaincheisteanna a bhaineann le Cuimsiú Sóisialta.
- Agallamh le baill foirne Chomhairle Contae na Gaillimhe a cheap Straitéis um Chuimsiú Sóisialta roimhe seo.
- Agallamh le Comhairleoir Cathrach atá ina bhall d'Fho-Ghrúpa Oibre na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta de chuid Bhord Forbartha na Cathrach.
- Fócasghrúpaí ar a mbeidh ionadaithe ó roinnt cliantachtaí mar seo a leanas: Fóram Pobail Bhaile Átha Cliath, Fóram Daoine faoi Mhíchumas, Comhairle na nÓg, Pobail Nua, Daoine Scothaosta agus Teaghlaigh Aontuismitheora.

Go ginearálta, breithníodh na nithe seo a leanas sna comhairliúcháin sin:

- Dearcaí ar thábhacht agus chuspóir straitéise um chuimsiú sóisialta do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Na fachtóirí sin a phlé a théann i bhfeidhm ar chuimsiú sóisialta i gcomhthéacs CCBÁC: eolas ar sheirbhísí; teacht ar sheirbhísí; an comhionannas agus an éagsúlacht; acmhainní/ maoiniúchán á gcur ar fáil do ghrúpaí imeallaithe; rannpháirtíocht agus úinéireacht an phobail a chur chun cinn (caipiteal sóisialta); pobail inbhuanaithe a neartú (bainistíocht eastát); teacht isteach gan dua chuig an timpeallacht faoi fhoirgnimh; agus tionscnaimh a phromhadh ó thaobh na bochtaineachta de.
- Saincheisteanna tábhachtacha le breithniú nuair a cheapfar prionsabail um Chuimsiú Sóisialta.
- Córais a phlé atá de dhíth chun straitéis a cheapadh agus a chur i bhfeidhm: ceannaireacht agus tiomantas ón bhfoireann bhainistíochta; acmhainní (foirne agus airgeadais); scileanna agus oiliúint; struchtúr clár agus seirbhísí atá ann faoi láthair; córais chumarsáide a chinnteoidh go bhfuil gach uile bhall foirne agus pobail eolach ar an straitéis; córais a chuirfidh an mhonatóireacht agus táscairí feidhmíochta san áireamh.
- Saincheisteanna polasaithe náisiúnta a bhaineann le straitéis um chuimsiú sóisialta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.

1.6 Forléargas ar an Straitéis

I ndiaidh an réamhrá, cuirfear síos ar an gcreat polasaí agus breithneofar comhthéacs Chathair Bhaile Átha Cliath. Cuireann an straitéis fócas ar shainaithint Treoirlínte um Chuimsiú Sóisialta do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ar an dóigh a bhféadfar na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. De réir na gcuspóirí ginearálta a bhaineann le cuimsiú sóisialta agus iad fite fuaite trí na treoirlínte, cuirtear an straitéis chun tosaigh chun cur chuige trasrannach i leith cuimsiú sóisialta a cheapadh atá níos soiléire agus sin a chur chun cinn ar fud ranna go léir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus tacaíocht á comhordú ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta san obair sin.

Mír 2

Mír 2
An Creat Polasaí

2.1 Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta 1997

Seoladh an Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta (NAPS) in 1997 agus is é an chéad iarracht de chuid rialtas na hÉireann é chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Bhí an bhéim á cur sa pholasaí ar an ngá le dul i ngleic le comharthaí na bochtaineachta, ní hé amháin sin, ach leis na cúiseanna atá taobh thiar di freisin, agus tugadh le fios go mbeadh ról le himirt ag gach roinn rialtais maidir lena chur i bhfeidhm. Lena chois sin, tá moladh ar leith luaite sa pholasaí a deir gur chóir d'Údaráis Áitiúla 'develop appropriate social inclusion strategies at local level'.

An Bhochtaineacht agus an Eisiamh Sóisialta a Shainmhíniú

Ghlac NAPS le cur chuige coibhneasta i leith an bhochtaineacht a shainmhíniú agus é ag cur in iúl go bhféadfaí a rá go raibh daoine beo bocht ach sin a bheith ag brath ar an ní a measadh a bhí ina norm do shochaí na hÉireann.

Thug NAPS le fios chomh maith nach gá go mbeadh an bhochtaineacht ar an aon ghné amháin a d'eascródh as an míbhuntáiste agus bhain siad úsáid as an téarma 'eisiamh sóisialta' chun cur síos a dhéanamh ar an míbhuntáiste a d'fhéadfadh teacht chun cinn de thoradh constaicí ar leith: an leithcheal; inrochtaineacht fhisiceach; modh iompair; nó easpa oideachais nó scileanna.

Is é seo an sainmhíniú ar an mbochtaineacht a bhí in úsáid in NAPS:

'People are living in poverty, if their income and resources (material, cultural and social) are so inadequate as to preclude them from having a standard of living, which is regarded as acceptable by Irish society generally. As a result of inadequate income and resources, people may be excluded and marginalised from participating in activities, which are considered the norm for other people in society'.

2.2 Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Seoladh an plean in Eanáir 2007 agus ba é 'Transforming Ireland - A Better Quality of Life for All' an teideal a bhí air. Cuireann an plean nua seacht mbliana sin fócas ar fhás inbhuanaithe na heacnamaíochta, cuimsiú sóisialta méadaithe agus forbairt réigiúnach chothrom. Tá €184 billiún ar fad luaite le Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, soláthraíonn sé infheistíocht €54.6 billiún don infreastruchtúr eacnamaíochta; €49.6 billiún do bhearta um chuimsiú sóisialta (leanaí, daoine faoi mhíchumas, srl.); €33.6 billiún don infreastruchtúr sóisialta (tithíocht, sláinte, ceartas, srl.); €25.8 billiún don chaipiteal daonna (scoileanna, oiliúint, ardoideachas, srl.), agus €20 billiún don fhiontraíocht, eolaíocht agus nuálaíocht.

Is iad seo a leanas cuspóirí Tosaíochta um Chuimsiú Sóisialta de chuid an Phlean (2007:234):

- Tabhairt faoin nganntanas i soláthar áiteanna cúram leanaí trí 50,000 áit bhreise a chruthú faoi 2010 agus spriocanna ina dhiaidh sin a leagan amach tar éis Athbhreithniú Lárthéarma an Phlean sa bhliain 2010;
- Riar ar chosaint agus ar chúram leanaí atá faoi phriacal;
- Tacaíocht a thabhairt do shaoráidí áineasa leanaí;
- Cabhrú le leanaí a bhfuil sainriachtanais sa chóras oideachais orthu an lánacmhainneacht acu a chomhlíonadh;

- Oideachas, scileanna agus oiliúint a chur ar fáil dóibh siúd, ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste, rud atá de dhíth chun dul i mbun oibre agus bheith rannpháirteach sa tsochaí;
- Cabhrú le daoine atá in aois oibre freastal gan dua ar chúrsaí breisoideachais agus oideachas tríú leibhéal mar aon le tacú leo siúd atá ag filleadh ar shaol na hoibre agus ar an oideachas;
- Cothromas inrochtaineachta san Ardoideachas a chur chun cinn;
- Tacú le hathimeascadh agus le hathinmheachán príosúnach agus ciontóirí;
- Cabhrú le daoine scothaosta maireachtáil go neamhspleách ina gcuid tithe agus ina gcuid pobal féin chomh fada agus is féidir agus tacú le soláthar cúram cónaithe ardchaighdeáin do dhaoine scothaosta nach bhfuil in ann maireachtáil níos mó sa bhaile;
- Seirbhísí ardchaighdeáin agus deiseanna a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas;
- Cabhrú le pobail áitiúla, go háirithe le pobail atá faoi mhíbhuntáiste, na dúshláin agus na fadhbanna atá ina gceantar féin a shainaithint agus déileáil leo; agus
- Sochaí in Éirinn atá níos cuimsithí agus idirchultúrtha a fhorbairt agus an tsochaí sin a bheith bunaithe ar an tiomantas do chuimsiú.

2.3 Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016

Seoladh Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 i bhFeabhra 2007 agus glacann sin ionad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (NAP/cuimsiú sóisialta) 2003-2005.

Leagann an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta (NAP/cuimsiú sóisialta) mar aon le gnéithe um chuimsiú sóisialta de chuid Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013: Transforming Ireland: A Better Quality of Life for All amach an dóigh a mbainfear cuspóirí náisiúnta do chuimsiú sóisialta amach sa tréimhse 2007-2013.

Is é aidhm fhoriomlán an Phlean:

To reduce the number of those experiencing consistent poverty to between 2% and 4% by 2012, with the aim of eliminating consistent poverty by 2016.

Leagann an Plean amach clár beart leathan cuimsitheach chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta atá nasctha go dlúth le 'I dTreo 2016' – An Comhaontú Náisiúnta Comhpháirtíochta Sóisialta agus le Plean nua Forbartha Náisiúnta 2007-2013 (NDP). Tá fócas láidir á chur sa NAP/cuimsiú sóisialta ar bhearta agus spriocanna - 12 aidhm ardleibhéil and 153 sprioc agus bearta atá dírithe ar thionchar cinntitheach a imirt ar an mbochtaineacht le linn an Plean a bheith i bhfeidhm. Ó glacadh le cur chuige bunaithe ar shaolré plean, is é is aidhm don Phlean go mbainfear úsáid as acmhainní chun easnaimh shóisialta thromchúiseacha fhadtéarmacha a chur ina gceart.

2.4 An Oifig um Chuimsiú Sóisialta (OSI)[1]

Is oifig rialtais í an OSI atá lonnaithe sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus atá go hiomlán freagrach as clár oibre an rialtais maidir le cuimsiú sóisialta a chomhordú agus a chur chun cinn. Is iad a áirítear sa chlár oibre Plean Gníomhaíochta Náisiúnta do Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 (NAP/cuimsiú sóisialta) agus gnéithe um chuimsiú sóisialta den Chomhaontú Náisiúnta Comhpháirtíochta Sóisialta, 'I dTreo 2016' agus Plean nua Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Thosaigh an OSI ag feidhmiú dáiríre in Eanáir 2003. Ghlac sé ionad an Aonaid NAPS a bhíodh ag feidhmiú roimhe sin ina ról comhordaithe don Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta (NAPS), rud a seoladh in 1997. Comhordaíonn an oifig an próiseas ar fud ranna rialtais, gníomhaíreachtaí, ar fud an rialtais réigiúnaigh agus áitiúil, agus is í a chuireann éifeacht le feidhmeanna tacaíochta tábhachtacha. Is é an príomhdhúshlán atá roimh an Oifig go gcinnteoidh

[1]**Féach:** www.socialinclusion.ie

sí go bhfuil an clár oibre um chuimsiú sóisialta á chur i bhfeidhm agus á fhorbairt ar bhonn rialtais náisiúnta, réigiúnaigh agus áitiúil i gcomhar le páirtithe leasmhara a bhaineann le hábhar. Tugtar príomhfheidhmeanna na hOifige sa liosta thíos.

Comhordú

Comhordaíonn an Oifig um Chuimsiú Sóisialta (OSI) an obair chun Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 (NAP/cuimsiú sóisialta) a chur i bhfeidhm agus oibríonn sí go dlúth le gach roinn rialtais agus gníomhaireacht chuí i dtaca lena cur i bhfeidhm de. San Aontas Eorpach faoi chlár oibre Liospóin, d'ullmhaigh na Ballstáit sraith de phleananna straitéiseacha um chuimsiú sóisialta ó bhí 2000 ann agus sainaithníonn siad treochtaí agus dúshláin mhóra maidir leis an mbochtaineacht agus an eisiamh sóisialta. Is é is aidhm do na pleananna sin go ndéanfar tionchar cinntitheach a imirt ar an mbochtaineacht faoin mbliain 2010. Tá comhchuspóirí a comhaontaíodh ar leibhéal an AE luaite sna pleananna sin agus leagtar amach príomhspriocanna mar gheall ar na cuspóirí sin agus leagtar amach na bearta forfheidhmiúcháin ar fud réimsí polasaithe cuí chun na cuspóirí agus na spriocanna a chomhlíonadh. Baintear úsáid as táscairí a comhaontaíodh ar leibhéal an AE chun an dul chun cinn a thomhas i leith spriocanna polasaithe a chomhlíonadh. Oibríonn an Oifig um Chuimsiú Sóisialta freisin leis na Ranna Rialtais cuí chun an próiseas sin a chomhordú.

Monatóireacht agus Measúnú

Is é is aidhm don chreat nua straitéiseach go gcuirfear próiseas monatóireachta cuimsitheach éifeachtach i bhfeidhm. Cinnteofar dá réir sin go gcuirfear caoi sheolta lom ar an tuairisciú agus go leanfar creat 'I dTreo 2016' agus go gcuirfear NAP/cuimsiú sóisialta, ionchur na hÉireann maidir le cuimsiú sóisialta chuig NSSPI 2006-2008 agus gnéithe um chuimsithe sóisialta de chuid an NDP san áireamh. Is é an phríomhghné sa phróiseas monatóireachta agus measúnaithe um chuimsiú sóisialta go gcuirfidh an Oifig um Chuimsiú Sóisialta Tuarascáil bhliantúil um Chuimsiú Sóisialta i dtoll a chéile a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

- An dul chun cinn i ngach céim de shaolré an chreata a athbhreithniú ar bhonn córasach agus, struchtúir agus tuarascálacha a chur san áireamh mar aon le straitéisí náisiúnta cuí eile (m.sh. Straitéis Náisiúnta do Mhná atá le foilsiú roimh i bhfad). Rachfar i gcomhchomhairle le gach comhpháirtí sóisialta sa phróiseas seo;
- Measúnú mionsonraithe a chur ar fáil ar an dul chun cinn a rinneadh i leith spriocanna agus bearta leagtha amach a chomhlíonadh;
- Saincheisteanna nua a shainaithint atá ag teacht chun cinn agus saincheisteanna trasrannacha nó trasghníomhaireachta a d'fhéadfadh leas a bhaint as cur chuige comhordaithe; agus
- Tuairisciú ar thuairimí páirtithe leasmhara san Fhóram Comhpháirtíochta, san Fhóram um Chuimsiú Sóisialta agus i bhfóraim comhairliúcháin eile.

Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid an Aire um Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an Choiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta, an Choiste Monatóireachta de chuid an NDP agus Ghrúpa Stiúrtha na Comhpháirtíochta.

Feidhmeanna Tacaíochta

Is é an OSI freisin atá freagrach as na feidhmeanna tacaíochta seo a leanas a fhorbairt chun cabhrú leis an bpróiseas:

Tá obair *Straitéis sonraí* á cur i gcrích faoi láthair chun straitéis sonraí a cheapadh arb é is aidhm di go gcinnteofar go bhfuil na sonraí riachtanacha go léir ar fáil san obair a bhaineann le monatóireacht, measúnú, tús áite a thabhairt do pholasaithe ar leith, spriocdhíriú ar ghrúpaí agus forbairt fhoriomlán polasaithe.

Is é atá i gceist leis an *Measúnacht Tionchair ó thaobh na Bochtaineachta de* go gcuirfear le

comhordú próiseas den chineál céanna, amhail promhadh ó thaobh inscne agus comhionannais de, i gcomhar leis an Údarás Comhionannais, leis an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta agus le comhlachtaí leasmhara eile. Cuireadh an obair sin i gcrích in 2005 agus tá na treoirlínte nua don Mheasúnacht Tionchair ó thaobh na Bochtaineachta de, lena n-áirítear samplaí, ar fáil anois.

Roinnt eagraíochtaí a chuireann *an Taighde* i gcrích ar chineál agus ar chúiseanna na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta atá ann i sochaí an lae inniu agus ar chomh héifeachtach agus atá polasaithe agus cláir arb é is aidhm dóibh dul i ngleic leis na dúshláin sin. Leanfaidh an OSI de bheith ag cinntiú go ndéantar an taighde cuí a choimisiúnú agus a chraobhscaoileadh agus go mbaintear úsáid as an eolas sin don chinnteoireacht polasaithe. Oibríonn an OSI go dlúth le roinnt gníomhaireachta, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta agus an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, an Oifig Náisiúnta do Leanaí agus an tÚdarás Comhionannais, chun na feidhmeanna tacaíochta sin a fhorbairt.

Cumarsáidí agus Comhairliúchán

Tá an OSI ag iarraidh a chinntiú go ndéantar cumarsáid éifeachtach faoi na treochtaí agus na dúshláin ó thaobh na bochtaineachta de agus faoin bpróiseas leanúnach chun dul i ngleic léi. Is iad ata i gceist sa chóras cumarsáide sin iad uile go léir laistigh de chóras an rialtais, na Comhpháirtithe Sóisialta, earnáil an phobail agus na hoibre deonaí, acadóirí agus taighdeoirí, na meáin chumarsáide, an gnáthphobal agus, os cionn gach uile ghrúpa, na daoine sin féin atá beo bocht.

Is fusa a dhéantar comhairliúchán éifeachtach le príomhpháirtithe leasmhara ar gach gné den phróiseas freisin de bharr obair an OSI.

Diminsean Idirnáisiúnta

Tá oifigigh OSI páirteach in obair na gCoistí cuí de chuid an AE, Chomhairle na hEorpa, na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus na Náisiún Aontaithe. Tá sí páirteach freisin i gclár nua PROGRESS 2007 - 2013 de chuid an AE chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus an eisiamh sóisialta agus tá sí páirteach san obair den tsraith sin um Chuimsiú Sóisialta de Chomhairle na Breataine - na hÉireann.

2.5 An Clár Forbartha Áitiúil um Chuimsiú Sóisialta (LDSIP)[2]

Is iad na 38 Comhpháirtíocht Cheantarbhunaithe a chuireann an Clár Forbartha Áitiúil um Chuimsiú Sóisialta (LDSIP) i bhfeidhm ar bhonn áitiúil, (agus 31 Comhpháirtíocht Phobail freisin agus 2 Chomhaontú Fostaíochta). Tá 8 gComhpháirtíocht Cheantarbhunaithe laistigh de limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath:

- Baile Formaid
- Baile Munna
- Pobail Áitiúla timpeall na Canálach
- Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Fionnghlas, An Chabrach
- Camaigh, Baile Bhailcín, Cromghlinn, Droimeanach (CBCD)
- An Taobh Ó Thuaidh
- Ráth Maonais

Bunaíodh na comhlachtaí neamhbhrabúis sna ceantair is mó riachtanas sa tír chun riar ar bhonn ceantarbhunaithe ar fhostaíocht fhadtéarmach agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

[2]**Féach:** www.planet.ie

I rith 2006-2007 tá próiseas forleathnúcháin agus comhtháthaithe faoi lán seoil chun lánchuimsiú náisiúnta a bhaint amach cé go leanfaidh na Comhpháirtíochtaí de bheith ag cur fócais ar na ceantair is mó riachtanas. Tá ionadaithe ó na ceithre hearnáil atá rannpháirteach san obair sin le feiceáil ar Bhord Stiúrthóirí gach Comhpháirtíochta: an earnáil reachtach, .i. ranna rialtais agus gníomhaireachtaí/eagraíochtaí stáit; Comhpháirtithe Sóisialta, .i. ceardchumainn, fostóirí, earnáil an phobail agus earnáil na hoibre deonaí; baill phoiblí thofa (go hiondúil ó údaráis áitiúla).

Is sraith de bhearta é an LDSIP féin arb é is aidhm dóibh cur i gcoinne an mhíbhuntáiste, agus an comhionannas agus cuimsiú sóisialta agus eacnamaíochta a chur chun cinn. Is é Pobal (ar a tugadh ADM nó Bainistíocht Forbartha Ceantair roimhe seo) a bhainistíonn an LDSIP thar ceann na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Faoin LDSIP, tá na Comhpháirtíochtaí solúbtha go leor le pleananna forbartha áitiúla a ullmhú a riarann ar riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta an cheantair. Cé go bhfuil riar comhtháite ar ilchineálacha an eisiaimh shóisialta le feiceáil sna bearta a mhaoiníonn an LDSIP, cuirtear le chéile i ngrúpaí iad sna trí réimse gníomhaíochta: Seirbhísí do dhaoine dífhostaithe; Forbairt pobail; agus tionscnaimh phobail don aos óg. Tá na daoine aonair agus na pobail seo a leanas sainainmnithe i measc na spriocghrúpaí de chuid an LDSIP:

- Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach
- Mná atá faoi mhíbhuntáiste
- An t-aos óg atá faoi mhíbhuntáiste
- Na Taistealaithe
- Daoine Scothaosta
- Daoine faoi mhíchumas
- Daoine gan dídean
- Iarphríosúnaigh agus iarchiontóirí
- Teaghlaigh feirme ar ioncam íseal
- Iarrthóirí tearmainn agus teifigh
- Lucht mí-úsáide substaintí
- Tuismitheoirí Aonair
- Daoine atá tearcfhostaithe
- An t-aos óg atá faoi phriacal
- Pobail áitiúla atá faoi mhíbhuntáiste agus atá ina gcónaí i gceantair bhochta uirbeacha

Tá rún daingean ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bheith ag obair i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Áitiúil Cheantarbhunaithe ar mhaithe leis na pobail áitiúla.

Mír 3

Mír 3

Comhthéacs Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

3.1 Limistéar Riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Bhí daonra an limistéir ar a riarann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 505,739 de réir dhaonáireamh 2006 mar a léirítear sa léarscáil thall. Chun críche an riaracháin, is i gcúig limistéar feidhmiúcháin atá an Chathair roinnte, agus iad bunaithe ar na toghcheantair, mar seo a leanas:

An Lárcheantar

- Ceantar an Lárthuaiscirt
- Ceantar an Iarthuaiscirt
- Ceantar an Lárdheiscirt
- Ceantar an Oirdheiscirt

Is tionól de 52 ball í an Chomhairle Cathrach a thoghtar gach cúig bliana sna cúig Thoghcheantar Áitiúla. Tá Bainisteoir Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as na cinntí de chuid na Comhairle Cathrach a chur i bhfeidhm. Tá cúig Choiste Ceantair i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá na Coistí Ceantair ag plé le saincheisteanna áitiúla ar bhonn áitiúil. Bíonn na Coistí Ceantair ag teacht le chéile gach mí chun ceisteanna a phlé a chuireann na comhairleoirí ar bhainisteoir an cheantair faoi phleanáil áitiúil, faoi innealtóireacht, iompar, faoi fhorbairt agus faoi sheirbhísí ginearálta.

Laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath, sainainmníodh ocht gceantar áitiúla ina gceantair RAPID mar gheall ar an stádas acu go bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste: Iardheisceart Lár na Cathrach; Deisceart Lár na Cathrach; Iarthuaisceart Lár na Cathrach; Oirthuaisceart Lár na Cathrach; Oirdheisceart Lár na Cathrach; Fionnghlas; An Taobh Ó Thuaidh; agus Baile Munna. Is tionscnamh de chuid an rialtais é Clár RAPID a riarann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus a dhíríonn a aird ar 45 cinn de na ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tír. Is é is aidhm don Chlár go gcinnteofar go dtabharfar aird tosaíochta do na 45 ceantar shainainmnithe trí úsáid a bhaint as acmhainní an Stáit atá ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Cuireann an clár iallach freisin ar na Ranna Rialtais agus ar na Gníomhaireachtaí Stáit chun comhordú éifeachtach agus comhtháthú dlúth a chur i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí.

Bunaíodh Foireann Ceantair Forfheidhmiúcháin (AIT) i ngach ceann de na ceantair shainmainmnithe chun plean a cheapadh don cheantar acu féin. Tugann AIT pearsanra Gníomhaireacht Stáit áitiúil (Bord Sláinte, Údarás Áitiúil, Coiste Gairmoideachais, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh, FÁS, srl.) an Chuideachta Comhpháirtíochta áitiúla, cónaitheoirí an phobail áitiúil agus, nuair is ann dóibh, Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla, le chéile chun plean a chur i dtoll a chéile a shainaithníonn riachtanais gach ceantair. Tacaíonn Comhordaitheoir RAPID atá ar fostú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le gach uile AIT.

3.2 Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2005-2009

Leagann *Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath* na tosaíochtaí amach ar mhian leis an gComhairle tabhairt fúthu i rith na tréimhse 2005-2009. Sainaithníonn an Plean Corparáideach Cuimsiú Sóisialta mar bhunphrionsabal chun obair na Comhairle a threorú agus a ról ceannaireachta agus a mandáid dhaonlathach a chomhlíonadh nuair a luaitear:

"Cé go bhfuil beann aici ar an éagsúlacht agus í sin á cothú aici, beidh an Chomhairle ag iarraidh cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus a bhaint amach agus í ag déileáil le heacnamaíocht na Cathrach." (2005:09)

Cuireann an Plean Corparáideach síos ar na téamaí seo a leanas a bhfuil cuspóirí agus straitéisí i ngach ceann acu a théann go díreach i gcion ar chuimsiú sóisialta:

- Ról Ceannaireachta na Comhairle Tofa
- Cathair Bhaile Átha Cliath – Croí an Réigiúin
- Cathair Shábháilte
- Cathair Ghlas Ghlan
- Pobail a Neartú
- Soghluaisteacht sa Chathair
- Ealaíona, Cultúr & Áineas
- Is é an Custaiméir Bun agus Barr Ár gCuid Oibre go Léir
- Lánacmhainneacht na Foirne a Fhorbairt

Bunaithe ar na téamaí sin, tá iallach ar gach Roinn de chuid na Comhairle Cathrach Plean Gnó bliantúil a ullmhú ina leagtar amach go mionsonraithe cad é a chuirfidh gach uile Roinn i gcrích ina clár oibre chun téamaí an Phlean Chorparáidigh a chur chun cinn. Tá an Plean Gnó Bliantúil sin á chur chun tosaigh ag na Ranna aonair sa chéad dá mhí de gach bliain ó 2005 go dtí 2009.

Tá na Pleananna Gnó á n-athbhreithniú go rialta agus cuirfear tuarascáil bhliantúil faoi bhráid na gCoistí cuí um Beartais Straitéiseacha ina dtabharfar sonraí ar an dul chun cinn a rinneadh ar shaincheisteanna a bhaineann le gach uile cheann de na Coistí. Cuirtear tuarascáil fhoriomlán faoi bhráid na Comhairle Cathrach a chlúdaíonn an raon iomlán de na cuspóirí.

3.3 Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2005-2011

Cuireann Plean Forbartha na Cathrach 2005 - 2011 fócas ar Cathair fhuinniúil inbhuanaithe a fhorbairt i gcroí Réigiún Baile Átha Cliath. Tá Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath le fáil i measc pleananna in ord céimiúlachta faoin Straitéis Spáis Náisiúnta agus na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí. Is é an fhís fhoriomlán don chathair mar a tugadh sna pleananna agus sna straitéisí sin go bhfeabhsófar an caighdeán beatha agus an taithí chathrach do na cónaitheoirí, na hoibrithe, na comaitéirí agus na cuairteoirí agus cruth uirbeach na cathrach a neartú agus sin a dhéanamh mar aon le feabhsuithe a chur ar an líonra iompair phoiblí. Tá fonn mór ar a lán saoránach agus ar a lán pobal áitiúil araon bheith rannpháirteach i saol na cathrach agus ba chóir iad a spreagadh lena gcion féin a dhéanamh den phróiseas sin chun an chathair agus na comharsanachtaí acu féin a fheabhsú. Is é an aidhm atá ann go gcinnteofar go mbeidh Baile Átha Cliath ina ionad tarraingteach fuinniúil don tionscal, don tráchtáil, don áineas agus don turasóireacht ar fad agus go leanfaidh sí de bheith ina fócas mór d'fhás na heacnamaíochta laistigh den tír. I dtéarmaí na Straitéise Forbartha, feabhsaíodh an Calafort agus tógadh naisc leis an aerfort atá ina bpríomhbhealaigh isteach/amach ag an tír araon agus ina mbealach amach chuig an Eoraip agus an domhan. Leagann Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath (2005-2011) amach straitéis spáis nua chun an fás i lár na cathrach agus ar imeall na cathrach a threorú san am atá amach romhainn. Tá trí phríomhthionscnamh sa straitéis:

- Lár na cathrach a fhorleathnú agus a neartú; croí na cathrach atá ag fás soir agus siar a athnuachan agus a athghiniúint ar bhonn leanúnach.
- Príomh-lárionaid Uirbeacha; lárionaid bruachbhailte thábhachtacha a fhorleathnú agus a fhorbairt.
- Limistéir Forbraíochta an Chreata; príomhcheantair straitéiseacha atá suite i lár na cathrach agus ar imeall na cathrach a fhorbairt agus a athghiniúint.

Déanann an Plean tagairt chomh maith do na dóigheanna nua ina bhfuil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag cur go dearfach le forbairt pobail trí *struchtúir nua bhainistíochta agus oifigí bunaithe i measc an phobail áitiúil a thabhairt isteach* (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2005:32). De réir na struchtúr bainistíochta sin a chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm in 2001, roinneadh an chathair ina cúig limistéar riaracháin nó ina coistí ceantair atá bunaithe ar na Toghcheantair Áitiúla. De bhíthin an fhócais sin ar cheantair, táthar in ann déileáil le saincheisteanna de chuid an cheantair áitiúil ar bhonn choiste an cheantair, rud atá ina chabhair chun caoi sheolta lom a chur ar an gcinnteoireacht áitiúil agus an pobal áitiúil a spreagadh le bheith rannpháirteach sa phróiseas daonlathach. Chun tacú le forbairt an phobail agus soláthar seirbhísí ar bhonn áitiúil, feidhmíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath trí hoifig ceantair déag freisin ar fud na cathrach.

Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tús freisin lena lán tionscadal ceantarbhunaithe maidir le hathghiniúint agus athfhorbairt ceantair, rud a chuir fócas agus deis ar fáil chun tacú le timpeallacht fholláin a chruthú maidir le forbairt pobail. De bharr saoráidí pobail, ar nós seirbhísí oideachais agus leabharlainne, seirbhísí sláinte, ionaid pobail, ionaid tionóil agus ionaid adhartha poiblí a chur ar fáil, cabhraíonn sin leis an obair go léir go dearfach chun tacú le pobail áitiúla agus iad a fhorbairt, agus beidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag iarraidh a chinntiú go leanfar ar aghaidh de bheith ag cur seirbhísí den chineál sin ar fáil agus iad a chomhtháthú nuair is féidir sin a dhéanamh.

3.4 Bord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath (DCDB)

Bunaíodh Bord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath (DCDB) in 2000 mar cheann amháin de na 34 Bord Forbartha Contae agus Cathrach. Bunaíodh na Boird sin de thoradh molta a rinne an Tascfhórsa um Chomhtháthú an Rialtais Áitiúil agus na Forbartha Áitiúla ina Thuarascáil. Tá 27 ball ar an DCDB, lena n-áirítear ionadaithe ón rialtas áitiúil, ó ghníomhaireachtaí forbartha áitiúla, ó ghníomhaireachtaí stáit agus ó chomhpháirtithe sóisialta ina bhfuil earnáil an phobail agus earnáil na hoibre deonaí san áireamh.

Baineadh leas as taithí tionscnamh trialach amhail an Próiseas Seirbhísí Comhtháite (ISP), URBAN, agus tionscnaimh eile nach iad, agus tugadh bonn reachtúil do na Boird Forbartha nuabhunaithe in Alt 129 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus cuirtear síos ar phríomhfheidhmeanna na mBord Forbartha mar seo a leanas:

- Bearta a chur i gcrích mar is cuí chun a chur ar chumas gach ceann de na comhlachtaí agus páirtithe leasmhara, a dtéann a bhfeidhmeanna sin i gcion ar fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta nó chultúrtha na cathrach agus a muintire, an tairbhe is mó is féidir a bhaint as forbairt den chineál sin ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann.
- Straitéis a cheapadh d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Cathrach agus an phobail.
- Bheith ag iarraidh a chinntiú go bhfuil polasaithe agus feidhmíochtaí na gcomhlachtaí agus na bpáirtithe leasmhara a bhfuil a gcuid ionadaithe ar an mBord agus grúpaí eile ag cloí go ginearálta leis an straitéis.
- Comhordú lánéifeachtach ar fud na n-earnálacha a chothú agus a chur chun cinn ar bhonn leanúnach chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as acmhainní ar mhaithe le leas an phobail.

Is é príomhaidhm an Bhoird go mbunófar straitéis d'fhorbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch agus a forfheidhmiúchán a mhaoirsiú. Seoladh an straitéis comhtháite seo "Dublin – A City of Possibilities" in Iúil 2002 agus ceapadh sin tar éis dul i gcomhchomhairle le hearnálacha go léir an phobail ar bhonn fairsing. Tá fís á cruthú don chathair sna deich mbliana ó 2002 go dtí 2012 agus an fhís sin bunaithe ar an ráiteas físe seo a leanas ar ghlac Bord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath leis;

"to facilitate challenge and change, actively involving citizens, businesses, communities and statutory agencies in determining and developing a strong, vibrant, successful, inclusive, multi-cultural and healthy city where all can achieve their full potential"
(Bord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2002:02)

Tá an Straitéis bunaithe ar chur chuige leathan téamaí, lena n-áirítear na 15 théama a théann i bhfeidhm ar gach gné de shaol na Cathrach mar seo a leanas:

Téama an Chroí	■ Cathair Comharsanachtaí
Na Ceithre Théama Chumasaithe	■ Cathair Iléagsúil Chuimsitheach ■ Cathair atá Nasctha le Chéile agus Eolach ■ Cathair Chomhtháite ■ Cathair atá Daonlathach Rannpháirteach
Na Deich dTéama Torthaí	■ Cathair Shábháilte ■ Cathair Ghlas ■ Cathair Inrochtana agus Cathair Soghluaisteachta ■ Cathair atá Fáilteach roimh Theaghlaigh ■ Cathair Fholláin Ghníomhach ■ Cathair Chultúrtha Thaitneamhach ■ Cathair Tithe agus Teaghaisí ■ Cathair Foghlama ■ Cathair Fiontraíochta ■ Cathair atá Fáilteach roimh Phobail Áitiúla

In 2006, leath bealaigh trí shaolré na Straitéise seo, rinneadh athbhreithniú uirthi chun machnamh a dhéanamh ar an méid a baineadh amach agus bearta tosaíochtaí a leagan amach don tréimhse 2006-2008 agus cuireadh san áireamh an polasaí a bhí ag athrú i rith an ama agus comhthéacs timpeallachta na Cathrach a tháinig chun cinn idir an dá linn.

Fuarthas amach san Athbhreithniú ar bhonn na fianaise a tiomsaíodh go raibh an rath is mó ar obair Bhord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath le feiceáil nuair a bhí fócas á chur ina chuid gníomhaíochtaí ar an taighde, ar pHleanáil chun tosaigh agus ar thionchar a imirt ar pholasaithe. Comhbhearta agus tionscnaimh chomhtháthaithe a éascú agus easnaimh ar sholáthar na seirbhísí a shainaithint, is iad sin na príomhláidreachtaí de chuid an Bhoird Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath a bhí ag teacht chun cinn agus ní mór feidhm a bhaint astu agus iad a fhorbairt níos mó. Mar thionscnóir nuathograí rialtais agus treoirlínte nua polasaithe, tá Bord Forbartha na Cathrach ag feidhmiú ina idirghníomhaireacht idir an rialtas lárnach agus an rialtas áitiúil agus forbairt áitiúil. De bharr obair na bhFócasghrúpaí Éagsúla a bunaíodh faoi choimirce Bhord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, tá meicníocht measúnaithe agus monatóireachta leanúnaí á cur ar fáil a chinnteoidh go bhfuil na cláir sin atá ann faoi láthair ag comhlíonadh mar is cuí riachtanais na Cathrach atá ag síorathrú. Tugadh le fios san Athbhreithniú, áfach, nach bhfuil obair Bhord Forbartha na Cathrach mar chomhlacht forfheidhmiúcháin clár nó tionscadal chomh héifeachtach sin de cheal leoracmhainní a bheith aige chun an ghníomhaíocht a choinneáil ag dul tar éis tréimhse teoranta trialach agus gur chóir fócas agus aird a dhíriú, mar sin de, ar naisc straitéiseacha a dhéanamh le gníomhaireachtaí a bhfuil neart acmhainní acu agus atá níos ábalta bearta daingne a chur i gcrích i measc an phobail féin.

Tugadh le fios chomh maith in Athbhreithniú na Straitéise go bhféadfaí roinnt beart, a tháinig chun cinn de thoradh ghníomhaíochtaí Bhord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, a chur faoi roinnt ceannteideal téamach éagsúil mar atá ann anois agus moladh go bhfuil neart fianaise ann i gcomhthéacs phróiseas an chomhtháthaithe ar fud na cathrach go bhfuil cóineasú téamaí ann agus go bhfuil na bearta céanna á gcur i gcrích faoi cheannteidil éagsúla. Chun iarracht a dhéanamh agus an comhtháthú sin a spreagadh, moladh san Athbhreithniú go gcomhaontófaí raon príomhthosaíochtaí don tréimhse 2006-2008. Tá saincheisteanna le feiceáil sna tosaíochtaí sin, is iad na saincheisteanna sin a shainaithin an Bord mar chuid den phróiseas athbhreithnithe agus mar chuid de na tosaíochtaí náisiúnta atá ag teacht chun cinn agus ar chuir an Rialtas tábhacht ar leith leo ina pholasaithe. De bharr na dtosaíochtaí sin, táthar ag súil le go gcuirfear na cuspóirí sin a foilsíodh sa Straitéis tosaigh i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas na tosaíochtaí straitéiseacha don tréimhse 2006-2008:

- Cuimsiú Sóisialta
- Fiontraíocht agus Eacnamaíocht
- Teaghlach agus Leanaí
- Comharsanachtaí: Pobail Áitiúla a Neartú
- Pobail Nua Inimirceach
- Saoránacht Ghníomhach

Táthar ag dréim le go neartóidh na sé thosaíocht sin gach uile cheann de na 15 théama agus iad a athrú ina mbearta agus ina gcuspóirí fócasaithe. Tá cur síos mionsonraithe le fáil sna leathanaigh ina dhiaidh seo ar na ceithre théama a dhéanann saintagairt do Chuimsiú Sóisialta.

Príomhthéamaí Straitéis 2002-2012	Cuspóirí	Bearta	Príomhpháirtithe Leasmhara	Torthaí
Cathair iléagsúil chuimsitheach Cathair chomhtháite	1. Ról Ghrúpa Oibre na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta (SIM) a neartú agus a mhéadú 2. Creat comhleanúnach oiriúnach a cheapadh le gur fusa monatóireacht a dhéanamh ar raon de bhearta um chuimsiú sóisialta agus iad a chur i bhfeidhm	■ Trí Ghrúpa Oibre na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta (SIM) cur chuige comhordaithe a fhorbairt i leith bearta um chuimsiú sóisialta a nascadh le chéile, iad a threorú ar bhonn eolais, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a sholáthar ar bhonn an phobail áitiúil agus ar bhonn na cathrach araon. ■ Tacú leis an bpróiseas comhtháthaithe ■ Establish an interagency strategic group to address services and supports to Travellers ■ Fóram um Chuimsiú Sóisialta a bhunú i ngach uile cheann de na cúig limistéar riaracháin chun teacht le chéile uair amháin in aghaidh na bliana agus comhoibriú idirghníomhaireachta a éascú trí theagmháil a dhéanamh le chéile, eolas a roinnt le chéile agus tuairisciú dá chéile ar shaincheisteanna a bhaineann le Cuimsiú Sóisialta ■ Leanúint ar aghaidh de bheith ag tacú le forbairt clár RAPID ■ Ról Ghrúpa Oibre na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta (SIM) a mhéadú sa phróiseas formhuinithe	Baill Ghrúpa Oibre na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta (SIM) Baill Eile de Bhord Forbartha na Cathrach mar is cuí	Meicníocht Torthaí curtha ar bun chun bearta um chuimsiú sóisialta a threorú ar bhonn eolais, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a chur i bhfeidhm ar fud iomlán na cathrach
Cathair iléagsúil chuimsitheach Cathair chomhtháite Cathair foghlama Cathair fiontraíochta	1. Cur le soláthar comhtháite seirbhísí um chuimsiú sóisialta do spriocghrúpaí tosaíochta de chuid na Straitéise Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta (NAPS) 2. Plean Gníomhaíochta comhtháite a chur i dtoll a chéile do spriocghrúpa tosaíochta comhaontaithe 3. Tacaíocht agus fóirithint idirghníomhaireachta a aimsiú 4. Tairbhe comhoibriú idirghníomhaireachta a léiriú maidir le seirbhísí agus tacaíocht um Chuimsiú Shóisialta 5. Fócas a chur ar dheiseanna comhbhearta san am atá amach romhainn	■ Plean gníomhaíochta comhtháite a chur i dtoll a chéile a spriocdhíríonn ar aontuismitheoirí i Limistéar Riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - Limistéar Riaracháin Dheisceart Lár na Cathrach) ■ Maoiniúchán a aimsiú ón aonad Comhionannas Inscne de chuid an Phlean Náisiúnta Forbartha do dhá thionscnamh saothair aontuismitheoirí i nDeisceart Lár na Cathrach ■ Provide support in the development of a Dublin City Council Social Inclusion Strategy ■ Cabhrú leis an bhFoireann Bhainistíochta Ceantair áitiúil de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Comhpháirtíocht Bhaile Formaid chun an tionscadal a bhunú agus a chomhordú	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Comhpháirtíocht Bhaile Formaid Ionadaithe eile ó Ghrúpa Oibre na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta (SIM) Baill eile ó Bhord Forbartha na Cathrach mar is cuí	Soláthar comhtháite seirbhísí um Chuimsiú Sóisialta a mhéadú do spriocghrúpaí de chuid na Straitéise Náisiúnta in aghaidh an Bochtaineachta (NAPS)

Príomhthéamaí Straitéis 2002-2012	Cuspóirí	Bearta	Príomhpháirtithe Leasmhara	Torthaí
Cathair iléagsúil chuimsitheach Cathair tithe agus teaghaisí Cathair chomhtháite Cathair atá fáilteach roimh phobail áitiúla Cathair dhaonlathach rannpháirteach	1. Comhoibriú idirghníomhaireachta a chothú maidir le seirbhísí agus tacaíocht do Thaistealaithe a sholáthar 2. Moltaí de chuid an Ghrúpa Ardleibhéil ar Thaistealaithe a chur i bhfeidhm go daingean, rud a thionscain an Taoiseach	■ Taighde a thionscnamh ar fud earnálacha seirbhíse agus gníomhaireachta go léir chun easnaimh agus dúbláil oibre i soláthar na seirbhísí a shainaithint ■ Srac-straitéis a cheapadh do sheirbhísí agus do thacaíocht Taistealaithe ■ Grúpa straitéiseach idirghníomhaireachta a bhunú chun déileáil le seirbhís agus tacaíocht Taistealaithe ■ Cur chuige comhordaithe idirghníomhaireachta a chur chun cinn i leith soláthar seirbhísí agus tacaíochta do thaistealaithe ■ Comhairliúchán éifeachtach a chinntiú idir taistealaithe agus comhlachtaí reachtúla ■ A chinntiú go gcuirfear forfheidhmiú an dlí san áireamh mar chuid den chur chuige comhtháite atá á bheartú	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath An Garda Síochána Ionadaithe eile de chuid Ghrúpa Oibre na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta (SIM) Baill eile de chuid Bhord Forbartha na Cathrach mar is cuí	Soláthar seirbhíse comhtháite do Thaistealaithe a bhfuil caoi sheolta lom curtha air
Cathair iléagsúil chuimsitheach Cathair chomhtháite Cathair dhaonlathach rannpháirteach	1. An Cuimsiú Sóisialta a chur i bhfeidhm go daingean i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tríd an Aonad um Chuimsiú Sóisialta 2. Tacú le Straitéis chorparáideach um Chuimsiú Sóisialta do CCBÁC a cheapadh	■ Tacaíocht a chur ar fáil don Aonad um Chuimsiú Sóisialta i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun an Straitéis Náisiúnta in aghaidh an Bochtaineachta (NAPS) a chur i bhfeidhm ■ Gach páirtí leasmhar a chur ar an eolas faoi Chuimsiú Sóisialta i gCCBÁC trí chomhdháil ar Chuimsiú Sóisialta ■ Tacaíocht a chur ar fáil maidir le Straitéis um Chuimsiú Sóisialta de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a cheapadh ■ Cabhrú san obair chun lámhleabhar um chuimsiú sóisialta a cheapadh do bhaill foirne Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	An tAonad um Chuimsiú Sóisialta de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Baill eile de chuid Bhord Forbartha na Cathrach mar is cuí	Straitéis Chorparáideach um Chuimsiú Sóisialta do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta (NAPS) a chur i bhfeidhm i limistéir riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Mír 4

Mír 4

Ag Glacadh leis na Treoirlínte um Chuimsiú Sóisialta

Ba é an toradh a bhí ar an gcomhairliúchán agus ar an bpróiseas pleanála gur sainaithníodh Treoirlínte um Chuimsiú Sóisialta chun taca a chur faoi obair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus í ag dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta, agus ar bhonn níos sainiúla, ról straitéiseach an Aonaid um Chuimsiú Sóisialta a threorú laistigh den eagraíocht . Tá na treoirlínte tugtha thíos. Ina ndiaidh sin, pléifear iad agus na bearta atá le cur i gcrích chun iad a chur i bhfeidhm agus na ranna ar leith a chuirfidh na bearta aonair i gcrích.

4.1 Treoirlínte um Chuimsiú Sóisialta

Agus í ag iarraidh dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta, déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath na nithe seo a leanas:

1. A chinntiú go gcuirfear na prionsabail um Chuimsiú Sóisialta i bhfeidhm go daingean sna próisis pleanála corparáidí atá aici agus bainfidh sí úsáid as táscairí um Chuimsiú Sóisialta nuair a dhéanfar athbhreithniú agus monatóireacht ar an bplean corparáideach agus ar phleananna gnó na ranna.
2. A chinntiú go bhfuil baill foirne CCBÁC ar gach leibhéal eolach ar shaincheisteanna a bhaineann le Cuimsiú Sóisialta.
3. Aird an phobail a dhíriú ar an raon seirbhísí a chuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil agus ar ról na Comhairle maidir le dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta sna pobail a riarann sí orthu.
4. A chinntiú gur fusa leis an bpobal teacht gan dua ar an raon iomlán de sheirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
5. A chinntiú gur fusa leis an bpobal teacht isteach gan dua chuig an timpeallacht faoi fhoirgnimh agus úsáid a bhaint as na saoráidí poiblí i gCathair Bhaile Átha Cliath.
6. Tacú leis an gcomhionannas agus leis an éagsúlacht san áit oibre.
7. Tacú leis an daonlathas áitiúil agus le rannpháirtíocht an phobail. A chinntiú go mbainfidh lucht pleanála an cheantair áitiúil agus na cathrach leas as eolas ceart trí chomhairliúchán éifeachtach a dhéanamh le pobail áitiúla agus trí chaidreamh agus thacaíocht spriocdhírithe onnghníomhach.
8. Tacú le pobail áitiúla inbhuanaithe chuimsitheacha a fhorbairt.
9. Cuimsiú Sóisialta a chur chun cinn ar bhonn straitéiseach sna gníomhaireachtaí go léir atá ag obair ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.
10. Cur le polasaithe um Chuimsiú Sóisialta a fhorbairt agus a chomhordú ar bhonn náisiúnta.

4.2 Bearta agus a bhForfheidhmiúchán

Cuirtear sios ar bhearta anseo maidir leis na Treoirlínte um Chuimsiú Sóisialta a chur i bhfeidhm. Beidh príomhról ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta maidir le tacú leis na ranna cuí chun cur leis na bearta sin, mar is cuí, i gcomhthéacs phleananna na Roinne acu féin. Pléifear ról an Aonaid um Chuimsiú Sóisialta agus ról struchtúir eile na Comhairle níos mó thíos.

Treoirlíne 1:

A chinntiú go gcuirfear na prionsabail um Chuimsiú Sóisialta i bhfeidhm go daingean sna próisis pleanála corparáidí atá aici agus go mbainfidh sí úsáid as táscairí um Chuimsiú Sóisialta nuair a dhéanfar athbhreithniú agus monatóireacht ar phleananna corparáideacha.

Aidhmeanna	Bearta	Roinn (tacaíocht á tabhairt ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta)
A chinntiú go ndéanfaidh gach Roinn pleanáil straitéiseach maidir le cad é mar is féidir leis na daoine sin is leochailí, ó thaobh an eisiaimh shóisialta de, an leas is mó a bhaint as seirbhísí na Comhairle Cathrach.	Cuspóirí um Chuimsiú Sóisialta i leith ranna Cuspóirí um Chuimsiú Sóisialta i leith ranna aonair nó i leith tionscnamh idir-rannach comhoibre a shainaithint agus a thuairisciú go sonrach agus sin a chur san áireamh sna Pleananna Gnó agus sna hAthbhreithnithe Bliantúla. Ceapadh Pleananna Gnó le treorú ag tionscadal trialach um Measúnacht Tionchair ó thaobh na Bochtaineachta de atá an tAonad um Chuimsiú Sóisialta a chur i bhfeidhm. Struchtúr corparáideach inmheánach a bhunú chun dul i dteagmháil le cinn ranna maidir leis an Straitéis seo um Chuimsiú Sóisialta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhordaithe.	Gach Roinn

Treoirlíne 2:

A chinntiú go bhfuil baill foirne CCBÁC ar gach leibhéal eolach ar shaincheisteanna a bhaineann le Cuimsiú Sóisialta.

Aidhmeanna	Bearta	Roinn (tacaíocht á tabhairt ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta)
A chinntiú go bhfuil an tuiscint agus an t-eolas ag baill foirne Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar shaincheisteanna a bhaineann le Cuimsiú Sóisialta agus go bhfuil sin le feiceáil ina gcuid oibre. A chinntiú go ndéanfar níos mó comhordaithe agus cumarsáide faoi thionscnaimh a bhaineann le Cuimsiú Sóisialta.	Modúl faoi Chuimsiú Sóisialta le cur isteach in Oiliúint Seirbhís Custaiméirí do Bhaill Foirne.	Acmhainní Daonna
	Modúl oiliúna faoi Chuimsiú Sóisialta le cur ar fáil do bhainisteoirí sinsearacha.	Acmhainní Daonna
	Agallaimh Inmheánacha/Sheachtracha le baill foirne chun Cuimsiú Sóisialta a bhreithniú agus a chur san áireamh.	Acmhainní Daonna
	Cainteanna Foirne chun cur i láthair bliantúil ar obair um Chuimsiú Sóisialta a chur san áireamh agus na himpleachtaí sin a chardáil ar leibhéal na ranna.	Gach Roinn
	Cur le Ról Theicneolaíocht an Eolais (TE) chun aird bhaill foirne a dhíriú ar bhonn feabhsaithe ar phrionsabail um Chuimsiú Sóisialta agus ar bhearta cuí agus an dóigh a mbaineann sin le cuspóirí ginearálta seirbhísí custaiméirí.	Seirbhísí Corparáideacha /TE
	Córais Cumarsáidí Inmheánacha (TE/Inlíon, Chéad Phost, Scáileáin Teilifíse i láithreacha poiblí feithimh agus sa bhialann, srl) le húsáid chun tionscnaimh faoi Chuimsiú Sóisialta agus an taighde cuí a chur chun cinn agus tacú leis na tionscnaimh sin a chomhordú idir ranna.	Corparáideacha /TE/Oifig Bhainisteoir na Cathrach
	Sonraí socheacnamaíocha a thiomsú agus a nuashonrú, m.sh. Sonraí daonáirimh, a bhaineann le Cuimsiú Sóisialta agus le grúpaí imeallaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath. Eolas le craobhscaoileadh trí CCBÁC mar is cuí.	Oifig Bhainisteoir na Cathrach
	Seachtain Feasachta ar Chuimsiú Sóisialta le cur chun cinn laistigh de gach roinn.	Gach Roinn

Treoirlíne 3:

Aird an phobail a dhíriú ar an raon seirbhísí a chuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil agus ar ról na Comhairle maidir le dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta sna pobail a riarann sí orthu

Aidhmeanna	Bearta	Roinn (tacaíocht á tabhairt ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta)
A chinntiú go bhfuil an pobal eolach faoi na seirbhísí atá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath á gcur ar fáil agus cur leis an obair sin gur fusa leis an bpobal teacht gan dua ar na seirbhísí sin. Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn mar ghníomhaí maidir le Cuimsiú Sóisialta.	Nuachtlitreacha CCBÁC a úsáid chun an raon seirbhísí de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn agus an tionchar atá acu ar Chuimsiú Sóisialta a phoibliú.	Corporate Services/Local Area Offices
	Bheith ag obair i gcomhar le hOifigí Ceantair Áitiúla agus le hoibrithe tacaíochta agus forbartha pobail chun a chinntiú go ndéantar nuachtlitir CCBÁC agus poiblíocht áitiúil chuí agus for-rochtain a chraobhscaoileadh go fairsing, lena n-áirítear an dóigh a phoibliú ar féidir leis an bpobal teacht ar sheirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (uimhir theileafóin san ionad glaonna/ seirbhísí Idirlín).	Corporate Services/Housing (Community Development) Local Area Offices/All
	A chinntiú go bhfuil cumarsáid éifeachtach á déanamh faoi obair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath trí na meáin chumarsáide áitiúla agus náisiúnta.	Corporate Services/City Managers Office
	Ainm agus clú CCBÁC a mhéadú, agus an ról aici a chur chun cinn maidir le tabhairt faoi Chuimsiú Sóisialta. Rosc fógraíochta a chomhaontú a d'fhéadfaí a úsáid le lógó CCBÁC chuige sin, m.sh. Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Ag Tacú le Pobail Áitiúla/Ag Tacú leis an Éagsúlacht	Corporate Services/ Culture, Recreation and Amenity
	Aird a dhíriú ar ghné um Chuimsiú Sóisialta sna cláir gradaim (Gradaim Living Dublin).	Culture, Recreation and Amenity
	A chinntiú go bhfuil go leor cuaillí eolais ann agus iad le feiceáil go soiléir mar aon le hainm na Comhairle ar gach oifig áitiúil, ar fhoirgnimh phoiblí (leabharlanna agus saoráidí spóirt) agus i bpáirceanna.	Local Area Offices/ Culture, Recreation and Amenity
	An raon seirbhísí/saoráidí atá ar ofráil agus ról Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar sholáthraí seirbhísí a phoibliú. Na saoráidí poiblí sin a nascadh le seirbhísí áitiúla pobail mar is cuí.	Culture, Recreation and Amenity/ Housing
	Leanúint ar aghaidh agus cur chun cinn agus for-rochtain saoráidí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a fhorbairt agus a spriocdhíriú ar ghrúpaí a d'fhéadfadh bheith imeallaithe.	Local Area Offices
	Trí obair na for-rochtana, an tSeachtain Feasachta um Chuimsiú Sóisialta a chur chun cinn do ghrúpaí cuí.	Housing (Community)/Local Area Offices

Treoirlíne 4:

A chinntiú gur fusa leis an bpobal teacht gan dua ar an raon iomlán de Sheirbhísí agus Shaoráidí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Aidhm	Bearta	Roinn (tacaíocht á tabhairt ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta)
A chinntiú go bhfuil an comhionannas inrochtaineachta le fáil ag grúpaí go léir na sochaí maidir le seirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.	Plean seirbhísí custaiméirí a cheapadh agus a mheasúnú chun tiomantas na Comhairle do Chuimsiú Sóisialta a chur in iúl. Breithneofar úsáid an chustaiméara nuair a ghlaofaidh sé/sí ar an ionad glaonna / ar na deasca cabhrach agus gníomhaíochtaí a dhéanfaidh baill foirne ina dhiaidh sin.	Seirbhísí Corparáideacha/TE/Oifig Bhainisteoir na Cathrach
	Le linn an plean seirbhísí custaiméirí a mheasúnú, an riachtanas atá le haistriúcháin a imscrúdú i dtaca le hinrochtaineacht na seirbhísí de. An leibhéal riachtanais a athbhreithniú agus samhlacha a bhreithniú chun riar ar an riachtanas sin (aistriúcháin ar líne / seirbhísí aistriúcháin ar conradh, srl).	Gach Roinn
	De réir mar a shainaithneofar an riachtanas, tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do ghrúpaí imeallaithe go háirithe i ranna a mbíonn baill foirne ag dul i dteagmháil leis an bpobal go han-mhinic. Tharla sin nuair a forbraíodh aonaid um dhaoine ar easpa dídine/um thaistealaithe sa Roinn Tithíochta agus d'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh, mar shampla, i dtaca le saintacaíocht tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil deacrachtaí sláinte meabhrach acu.	Le breithniú ag gach roinn.
	An riachtanas a bhreithniú atá le Seirbhísí lasmuigh d'Uaireanta na hOifige don chliantacht i saoráidí poiblí.	Cultúr, Áineas agus Conláistí (Oifigigh Spóirt/Ealaíon)/Oifigí Ceantair Áitiúla
	Ról Theicneolaíocht an Eolais a fhorbairt mar uirlis chun dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta trí chur le hinrochtaineacht na seirbhísí – trí eolas a sholáthar, leaganacha aistrithe/achoimrithe d'fhoirmeacha a chur ar fáil.	TE/Gach Roinn.
	A chinntiú go bhfuil go leor cuaillí eolais le feiceáil laistigh de Lároifig CCBÁC a chinnteoidh go bhfuil an foirgneamh fáilteach roimh chuairteoirí agus roimh chustaiméirí.	Seirbhísí Corparáideacha
	Bheith ag iarraidh a chinntiú go bhfuil na príomhoifigí poiblí oiriúnach do chustaiméirí a bhfuil leanaí acu i dtaca le saoráidí leithris agus riachtanais spáis de.	Oifig Bhainisteoir na Cathrach/Oifigí Ceantair Áitiúla
	Riar ar riachtanais grúpaí agus pobail áitiúla atá ar ioncam íseal maidir le soláthar seirbhísí, trí na córais tarscaoilte riachtanacha a chur ar fáil agus acmhainní a spriocdhíriú orthu siúd is leochailí ó thaobh an eisiaimh shóisialta de.	Airgeadas/Tithíocht (Scéim Deontais Pobail)
	A chinntiú go bhfuil inrochtaineacht chuí sna háiseanna áitiúla athchúrsála i ngach uile chuid den chathair.	Comhshaol agus Innealtóireacht (bainistíocht dramhaíola)

Treoirlíne 5:

A chinntiú gur fusa leis an bpobal teacht isteach gan dua chuig an timpeallacht faoi fhoirgnimh agus úsáid a bhaint as na saoráidí poiblí i gCathair Bhaile Átha Cliath

Aidhm	Bearta	Roinn (tacaíocht á tabhairt ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta)
To ensure equality of access for all groups in society to the built environment of the city and to the facilities provided by Dublin City Council.	Promote the concept of universal access and the incorporation of lifetime design principles in all developments. Conduct citywide accessibility audits in line with international standards and ensure that progress on the audit results is monitored according to targets and outcomes. Develop measures to address personal health and safety concerns in accessing public spaces, buildings or amenities provided by Dublin City Council: ■ examining road frontage of offices/ libraries in terms of security and accessibility; ■ enhanced security at public buildings and parks; ■ greater focus on dog wardens/ mussling; ■ adequate provision of pedestrian crossings, footpaths and cycle lanes particularly in relation to the needs of young people, the elderly, and persons with disabilities; ■ adequate provision of toilet facilities in public buildings and parks.	Housing/Planning/Architects/Roads Roads Culture, Recreation and Amenity (Parks/libraries)/Roads/Planning

Treoirlíne 6:

Tacú leis an gcomhionannas agus leis an éagsúlacht san áit oibre

Aidhm	Bearta	Roinn (tacaíocht á tabhairt ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta)
A chinntiú go bhfuil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath onnghníomhach agus í ag cur prionsabail um Chuimsiú Sóisialta i bhfeidhm sna polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha acmhainní daonna atá aici.	Ag obair le grúpaí tathanta nó le gníomhaireachtaí áitiúla oiliúna, scéimeanna oiliúna spriocdhírithe a sholáthar do ghrúpaí imeallaithe.	Acmhainní Daonna
	Leanúint ar aghaidh agus oiliúint agus tacaíocht spriocdhírithe do bhaill foirne (litearthacht, forbairt phearsanta) a sholáthar agus a mheasúnú.	Acmhainní Daonna
	Bheith ag iarraidh a chinntiú go gcuirfidh na polasaithe agus na nósanna imeachta earcaíochta tiomantas na Comhairle do Chuimsiú Sóisialta in iúl agus go mbreithneofar sin san agallamh ó thaobh earcaíochta nó ardú céime de.	Acmhainní Daonna

Treoirlíne 7:

Tacú leis an daonlathas áitiúil agus le rannpháirtíocht an phobail. A chinntiú go mbainfidh pleanáil an cheantair áitiúil agus na cathrach leas as eolas ceart trí chomhairliúchán éifeachtach a dhéanamh le pobail áitiúla agus trí chaidreamh agus thacaíocht spriocdhírithe onnghníomhach.

Aidhm	Bearta	Roinn (tacaíocht á tabhairt ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta)
Straitéis um Chuimsiú Sóisialta a cheapadh ar bhonn onnghníomhach trí dul i dteagmháil le spriocghrúpaí agus tríd an daonlathas áitiúil agus rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn.	Teacht ag an bPobal ar Oifigí Ceantair Áitiúla agus ar choistí ceantair áitiúla a chur chun cinn agus a éascú. Samhail an chomhairliúcháin a athbhreithniú agus a fhorbairt níos mó a úsáideann an chomhairle cathrach agus na ranna aonair leis an bpobal agus na nithe seo a leanas a chur san áireamh: ■ Riachtanais agus tosaíochtaí a shainaithint trí chomhairliúchán éascaithe leanúnach faoi fhorbairt an cheantair áitiúil; ■ Tacaíocht for-rochtana agus forbartha pobail le cur ar fáil do mheicníochtaí comhairliúcháin; ■ Comhairliúchán chun baill den phobal áitiúil a chuimsiú mar aon le hionadaithe ó ghrúpaí tathanta cuí a sainaithníodh agus ó struchtúir atá ann mar a d'fhorbair Fóram an Phobail nó Ranna CCBÁC (m.sh. Comhairle na nÓg/ Grúpa na nDaoine Scothaosta) nó ar thug siad tacaíocht dóibh; agus ■ Leibhéal agus cineálacha na gcinntí a bheith níos soiléire atá faoi réir an chomhairliúcháin phoiblí. Tacú le Fóraim Sainúsáideoirí maidir le conláistí poiblí, go háirithe páirceanna poiblí aonair. Ba chóir go mbeidís chomh cuimsitheach agus ab fhéidir agus ionadaithe ó chliantachtaí éagsúla, amhail daoine óga, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, Taistealaithe, srl. a bheith rannpháirteach sna fóraim sin. Comhairliúchán poiblí a neartú agus clár taighde comhordaithe le cur i gcrích i measc spriocghrúpaí. Rannpháirtíocht vótálaithe a chur chun cinn trí thacú le feachtais áitiúla agus náisiúnta (soláthar eolais/úsáid leabharlann) agus eolas inrochtana ar chlárú vótálaithe a sholáthar.	Oifigí Ceantair Áitiúla Gach Roinn/Pleanáil/ Oifigí Ceantair Áitiúla Cultúr, Áineas agus Conláistí Gach Roinn/Oifig Bhainisteoir na Cathrach Seirbhísí Corparáideacha

Treoirlíne 8:

Tacú le pobail áitiúla inbhuanaithe chuimsitheacha a fhorbairt.

Aidhm	Bearta	Roinn (tacaíocht á tabhairt ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta)
Go bhforbrófar pobail áitiúla ar shlí a chinnteoidh go mbeidh siad á bhforbairt i rith an ama agus ag teacht chun cinn i dtimpeallacht shábháilte chuimsitheach.	Le linn pleananna ceantar áitiúil a cheapadh agus a athbhreithniú, breithneofar bearta um Chuimsiú Sóisialta agus an chéad Phlean Forbartha Cathrach eile (agus amharc ar sheicliosta um Chuimsiú Sóisialta a fhorbairt), go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas: ■ Saoráidí poiblí cuí agus fearainn phoiblí chuí; ■ Dearadh, méid agus cineál forbairtí; ■ Meascán tithíochta a sholáthrófar; ■ Comhairliúchán leanúnach a sholáthar agus samhlacha bainistíochta eastát a fhorbairt.	Pleanáil/ Tithíocht/ Oifigí Ceantair Áitiúla
	A chinntiú go dtabharfar tacaíocht leanúnach d'fhorbairt pobail trí dheontais phobail a sholáthar agus tacaíocht chuí a thabhairt do bhaill foirne.	Tithíocht (Forbairt Pobail)/Oifigí Ceantair Áitiúla
	A chinntiú go gcuirfear an raon roghanna tithíochta chun cinn do dhaoine aonair agus go dtabharfar eolas agus tacaíocht inrochtana maidir le roghanna amhail tithíocht shóisialta, tithíocht inacmhainne, úinéireacht tí, scéim cóiríochta ar cíos, srl.	Tithíocht
	A chinntiú go mbeidh saintacaíocht spriocdhírithe á cur ar fáil maidir le soláthar tithíochta do spriocghrúpaí sainaitheanta a dtig leo riachtanais ar leith tithíochta a bheith acu, nó a dtig leo teacht ar chonstaicí chun tithíocht a fháil, amhail Taistealaithe, teaghlaigh aontuismitheora, daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil fadhbanna sláinte meabhrach acu, daoine scothaosta, iarphríosúnaigh, daoine gan dídean.	Tithíocht

Treoirlíne 9:

Cuimsiú Sóisialta a chur chun cinn ar bhonn straitéiseach sna gníomhaireachtaí go léir atá ag obair ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.

Aidhm	Bearta	Roinn (tacaíocht á tabhairt ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta)
Trí chomhoibriú idirghníomhaireachta, cur chuige bunaithe ar chuimsiú sóisialta a chur chun cinn i leith seirbhísí a phleanáil agus a sholáthar ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.	Obair an Aonaid um Chuimsiú Sóisialta a nascadh le Bord Forbartha na Cathrach a bhaineann le cuspóirí um Chuimsiú Sóisialta a chur chun cinn go ginearálta agus an acmhainneacht a shainaithint freisin do naisc agus chomhoibriú idir CCBÁC agus gníomhaireachtaí eile. Is féidir na samplaí seo a leanas a bhreithniú a moladh le linn an phróisis chomhairliúcháin: ■ An próiseas comhtháthaithe a neartú a thuilleadh ar fud na cathrach agus bheith ag obair trí Oifigí Ceantair Áitiúla agus trí Chuideachtaí Comhpháirtíochta Ceantarbhunaithe. ■ Scóip do chomhaontuithe idirghníomhaireachta atá níos foirmiúla le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis an tacaíocht tithíochta agus na riachtanais idirlinne a theastaíonn ó iar-othair sláinte meabhrach nó daoine faoi mhíchumas agus iad ag bogadh amach as institiúidí. ■ Nascadh le FÁS nó le comhlachtaí cuí eile chun buneolas faoi Chathair Bhaile Átha Cliath a sholáthar agus faoi inimircigh ionchais teacht gan dua ar sheirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (m.sh. Feachtas FÁS Know Before You Go). ■ Nascadh leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre Náisiúnta agus an éifeacht a imscrúdú atá le comharthaíocht bóithre, go háirithe do bhaill de phobail nua a d'fhéadfadh tuiscint eile a bhaint as comharthaí bóithre.	Oifig Bhainisteoir na Cathrach / Tithíocht (Pobal agus Fiontar)

Treoirlíne 10:

Cur le polasaithe um Chuimsiú Sóisialta a fhorbairt agus a chomhordú ar bhonn náisiúnta.

Aidhm	Bearta	Roinn (tacaíocht á tabhairt ag an Aonad um Chuimsiú Sóisialta)
A chinntiú gur féidir le CCBÁC forbairt polasaithe a ionchur ar bhonn straitéiseach agus gur féidir samhlacha an dea-chleachtais a shainaithint agus a roinnt trí líonrú réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.	Ó thaobh an fheidhmiúcháin de, ról Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a mheasúnú maidir le cur i bhfeidhm rialachán/treoirlínte náisiúnta agus an dóigh a dtéann sin i gcion ar chuspóirí um Chuimsiú Sóisialta a bhaint amach. An taithí sin a úsáid chun forbairt polasaithe a threorú ar bhonn náisiúnta. Líonraí nó imeachtaí cuí a shainaithint ar bhonn réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil agus bheith rannpháirteach iontu. An dea-chleachtas a fhorbairt trí eolas a roinnt le chéile agus bheith rannpháirteach i dtionscnaimh trialach.	Gach Roinn

4.3 Ról Struchtúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Samhlaítear leis an Straitéis seo go mbunófar struchtúr corparáideach inmheánach chun go rachaidh cinn ranna a chur na straitéise i bhfeidhm. Chomh maith leis an ngrúpa sin, a ghlacfadh ionad Ghrúpa Oibre um Chuimsiú Sóisialta, is iad seo a leanas struchtúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheidh rannpháirteach san obair sin chun an Straitéis um Chuimsiú Sóisialta a chur i bhfeidhm:

- An Bainisteoir agus an Fhoireann Bhainistíochta
- Na Coistí Polasaithe Straitéiseacha agus an Chomhairle Cathrach
- An tAonad um Chuimsiú Sóisialta

Beidh róil na struchtúr sin bunaithe ar na ceithre bhunphrionsabal seo a leanas. Tugtar breis eolais orthu thall.

- Tiomantas do Chuimsiú Sóisialta agus é a Chur Chun Cinn ar Leibhéal Bainistíochta & Polaitíochta
- An Straitéis um Chuimsiú Sóisialta a Chur i bhFeidhm ar Leibhéal Ranna
- Ról Straitéiseach agus Comhordaithe don Aonad um Chuimsiú Sóisialta
- Obair ghníomhach chun polasaithe um Chuimsiú Sóisialta a fhorbairt ar bhonn cathrach agus náisiúnta.

Tiomantas do Chuimsiú Sóisialta agus é a Chur Chun Cinn ar Leibhéal Bainistíochta & Polaitíochta

- Go nglacfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le prionsabail um Chuimsiú Sóisialta agus go gcuirfear chun cinn sna ranna go léir iad.
- Go mbreithneofar saincheisteanna a bhaineann le Cuimsiú Sóisialta nuair a dhéanfar forbairt agus athbhreithniú ar sheirbhísí custaiméirí.
- Go gcuirfidh brandáil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ról agus an tiomantas aici do Chuimsiú Sóisialta in iúl.

An Straitéis um Chuimsiú Sóisialta a Chur i bhFeidhm ar Leibhéal Ranna

- Go mbeidh táscairí ar Chuimsiú Sóisialta sna pleananna rannacha do gach roinn.
- Go ndéanfar tagairt do thorthaí ar thosaíochtaí um Chuimsiú Sóisialta sna tuarascálacha bliantúla do gach roinn.

Ról Straitéiseach agus Comhordaithe don Aonad um Chuimsiú Sóisialta

- Imreoidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta ról straitéiseach maidir leis an obair a chomhordú agus treoir a thabhairt faoi na bearta um chuimsiú sóisialta a sholáthar ar fud na heagraíochta. Tríd an bhfor-rochtain agus tríd an gcomhpháirtíocht, is é rud a cheapfaidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta bearta chun dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta ar fud na Rannóg/Ranna go léir.
- Go gcuirfidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta, agus é ag obair i gcomhar leis an oifigeach taighde, eolas agus treoir ar fáil chun anailís riachtanas agus comhairliúchán seachtrach a chomhordú maidir le polasaithe agus forbairt cuimsithe shóisialta. Sa chomhthéacs sin, rachaidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta i dteagmháil le comhlachtaí tathanta seachtracha chun riachtanais spriocghrúpaí a shainaithint mar aon le cur le tionscadail mhóra taighde.
- Go dtacóidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta le gach roinn chun tosaíochtaí um chuimsiú sóisialta a shainaithint, iad a cheapadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é atá i gceist go mbeidh na ranna éagsúla páirteach sa ‘chaibidil foirne’ ar bhonn bliana.
- Beidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta freagrach as imeachtaí poiblíochta go háirithe maidir le Cuimsiú Sóisialta, agus beidh sé ag obair i gcomhar le haonaid/ranna eile nuair atá níos mó ná aonad/roinn amháin ag obair ar an ní céanna.
- Go mbeidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta ag obair leis an Roinn Acmhainní Daonna chun fócas ar Chuimsiú Sóisialta a chur isteach san obair atá ann a bhaineann le soláthar oiliúna do bhaill foirne.

Obair ghníomhach chun polasaithe um Chuimsiú Sóisialta a fhorbairt ar bhonn cathrach agus náisiúnta.

- Leanfaidh CCBÁC de bheith ag cur fhorbairt Cuimsithe Shóisialta chun cinn ar bhonn Bhord Forbartha na Cathrach.
- Leanfaidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta de bheith rannpháirteach i bhfóraim náisiúnta agus réigiúnacha chun cur le forbairt polasaithe um Chuimsiú Sóisialta.

4.4 Monatóireacht a dhéanamh ar an Straitéis

Mar ghné fhréamhaithe de phleananna gnó na Ranna, is é rud a bheidh Cuimsiú Sóisialta ina shainréimse atá le breithniú nuair a chuirfear na pleananna sin i dtoll a chéile agus nuair a dhéanfar athbhreithniú orthu ar bhonn bliana.

Lena chois sin, déanfaidh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta athbhreithniú bliantúil ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir leis an Straitéis um Chuimsiú Sóisialta ar fud iomlán na heagraíochta.

Ag deireadh na tréimhse pleanála straitéisí, déanfar athbhreithniú ar an Straitéis um Chuimsiú Sóisialta nuair a dhéanfar athbhreithniú foriomlán ar an bPlean Corparáideach. Bainfear eolas as an athbhreithniú sin chun an Plean Corparáideach a fhorbairt feasta agus a threorú mar aon le straitéis don Aonad um Chuimsiú Sóisialta san am atá amach romhainn.

AGUISÍNÍ LEABHARLIOSTA

AGUISÍNÍ

Uirlisí Taighde
Leathanaigh Téama i gcomhair Agallamh agus Fócasghrúpaí

Dréachtleathanach Téama Baill Foirne CCBÁC / Páirtithe Leasmhara

Seo iad na ceisteanna thíos ba mhaith linn iarraidh ort a fhreagairt. Cabhróidh sin linne straitéis do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a cheapadh a rachaidh i ngleic leis an eisiamh sóisialta. Tuigimid go bhféadfaidh roinnt ceisteanna bheith níos tábhachtaí ná a chéile nó gan bheith chomh tábhachtach sin don Roinn ina bhfuil tú féin ag obair ach táimid ag súil go mór le tú do chuid aiseolais a chur isteach sa phróiseas.

Dearcaí ar an Eisiamh Sóisialta

Cén cuspóir agus cén tábhacht, a cheapfá féin, a bheadh le straitéis chun dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta ar son Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus, ar bhonn níos sainiúla, ar son na Roinne lena mbaineann tú féin?

An Pobal Eolach ar Sheirbhísí

An gceapann tú go bhfuil custaiméirí eolach mar is cuí ar sheirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus do Roinn féin?

Agus go sonrach, an gceapann tú go bhfuil na grúpaí seo a leanas eolach mar is cuí ar na seirbhísí, grúpaí a d'fhéadfadh bheith imeallaithe amhail: Daoine Scothaosta; an tAos Óg; Mná; Teaghlaigh Aontuismitheora; Daoine Gan Dídean; Lucht Úsáidte Drugaí; Daoine faoi Mhíchumas; Pobail Nua/Grúpaí Mionlaigh Eitnigh; Taistealaithe; Príosúnaigh/Iarphríosúnaigh?

Cad é mar is féidir aird an phobail a dhíriú níos éifeachtaí ar ról agus ar sheirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gCathair Bhaile Átha Cliath?

Inrochtaineacht Seirbhísí

Cé chomh hinrochtana a cheapann tú atá seirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath dá cuid saoránach go léir?

An bhfuil tú eolach ar aon chonstaicí a d'fhéadfadh cur isteach ar dhaoine aonair nó ar ghrúpaí (lena n-áirítear na grúpaí thuasluaite) agus iad ag iarraidh úsáid a bhaint as seirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus do Roinne féin?

Cad iad na hiarrachtaí a rinneadh chun a chinntiú gur féidir le custaiméirí teacht gan dua ar sheirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath? Cé chomh héifeachtach a bhí na hiarrachtaí sin agus an bhfuil aon bhearta breise ann ba chóir a chur i gcrích, dar leatsa?

An Comhionannas agus an Éagsúlacht

An gceapann tú go bhfuil ról ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir leis an gcomhionannas agus an éagsúlacht a chur chun cinn? Má cheapann tú go bhfuil, cad é a bheadh i gceist leis sin?

Acmhainní/Maoiniúchán a chur ar fáil do Ghrúpaí Imeallaithe

An gceapann tú gur chóir do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath níos mó acmhainní a chur ar fáil do spriocghrúpaí ar leith (lena n-áirítear na grúpaí thuasluaite)? Má cheapann tú gur chóir, cad é a bheadh i gceist leis sin agus cén chaoi arbh fhéidir sin a bhainistiú?

Rannpháirtíocht agus Úinéireacht an Phobail a Chur Chun Cinn

Cé chomh mór, a cheapann tú, atá rannpháirtíocht agus úinéireacht an phobail maidir le polasaithe agus gníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath?

Cé chomh mór, a cheapann tú, agus atá an pobal rannpháirteach in imeachtaí pobail agus cathrach i láthair an huaire i mBaile Átha Cliath? An féidir le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ról a imirt chun an rannpháirtíocht sin a spreagadh a thuilleadh?

Pobail Áitiúla Inbhuanaithe a Neartú

Ó thaobh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de, cad é a cheapann tú atá i gceist le pobail áitiúla inbhuanaithe a neartú agus le bainistíocht éifeachtach eastát a chur chun cinn? (Cad iad na ranna a bhaineann leis an obair sin? Cén chaoi ar féidir sin a chur chun cinn ar bhonn leanúnach?)

Inrochtaineacht na Timpeallachta faoi Fhoirgnimh

Cén ról, dar leatsa, a bheadh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun a chinntiú go bhfuil an pobal in ann teacht gan dua chuig an timpeallacht faoi fhoirgnimh? Cé chomh maith agus a d'éirigh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir leis sin agus cad é mar is féidir sin a fhorbairt a thuilleadh?

Tionscnaimh maidir le Promhadh ó thaobh na Bochtaineachta de

Cad iad na dóigheanna ar chóir do shaincheisteanna na bochtaineachta agus an mhíbhuntáiste dul i gcion ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ar do Roinn féin, agus iad ag soláthar a gcuid seirbhísí?

Na Treoirlínte agus an Straitéis um Chuimsiú Sóisialta

An gceapann tú go mbeadh sé úsáideach ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath treoirlínte um Chuimsiú Sóisialta a bheith aici? Má cheapann tú go mbeadh, an féidir leat aon ghnéithe a mholadh ba chóir a chur san áireamh nuair a cheapfar na treoirlínte sin?

An gceapann tú go mbeidh straitéis chun dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta éifeachtach maidir le seirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a sholáthar? Cad iad na meicníochtaí nó córais ba chóir a chur i bhfeidhm chun tacú le straitéis den chineál sin agus cad iad na hacmhainní nó cén tacaíocht a bheadh ag teastáil (baill foirne/airgeadas/oiliúint/cumarsáid)?

An bhfuil aon mholtaí agat féin maidir le cén chaoi arbh fhéidir éifeacht straitéise den chineál sin a thomhas, go sainiúil nuair a bhainfeadh sin le do Roinn féin?

Fachtóirí Seachtracha

Cad iad na comhlachtaí nó eagraíochtaí seachtracha eile ba chóir bheith rannpháirteach san obair sin chun Straitéis um Chuimsiú Sóisialta do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a cheapadh agus a chur i bhfeidhm?

Cad iad na saincheisteanna faoi pholasaithe náisiúnta a d'fhéadfadh dul i gcion ar an obair sin chun Straitéis um Chuimsiú Sóisialta do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a cheapadh agus a chur i bhfeidhm?

LEABHARLIOSTA

An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta, 2004,
Action on Poverty Today, An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta,
Baile Átha Cliath.

Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe, 2006,
Straitéis um Chuimsitheacht Shóisialta 2006-2009.

Comhairle Cathrach Chorcaí, 2004,
Plean Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2004.

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, 2001,
National Action Plan against Poverty and Social Exclusion 2001–2003,
Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2005,
Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2005 – 2009.

Bord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2006,
A City of Possibilities - Strategic Review, Priority Actions 2006-2008.

Bord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2002,
A City of Possibilities 2002-2012.

An Coimisiún Eorpach, 2004,
Joint Report by the Commission and the Council on Social Inclusion,
An Oifig um Fhoilseacháin Oifigiúla san Aontas Eorpach.

An Oifig um Chuimsiú Sóisialta, 2007,
Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007 - 2016,
Oifig na tSoláthair, Baile Átha Cliath.

An Oifig um Chuimsiú Sóisialta, 2006,
*National Report for Ireland on Strategies for Social Protection
and Social Inclusion 2006 – 2008*, Oifig na tSoláthair, Baile Átha Cliath.